

Louth County Council Comhairle Contae Lú

Cuid XI den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

Cuid 8, Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú)

FÓGRA LÁITHREÁIN

Tugann Comhairle Contae Lú leis seo fógra go bhfuil sé ar intinn aici oibreacha athfhorbartha a dhéanamh ag An Gleann, Droichead Átha, Co. Lú. Contae Lú. Áirítear leis na hoibreacha atá beartaithe clós súgartha nua a chruthú agus oibreacha gaolmhara, lena n-áirítear:

- Suiteáil trealaimh súgartha do leanaí, fálú imlíne agus dromchla sábháilteachta.
- Soláthar acomhal ardaithe nua agus trasrianta coisithe rialaithe idir Ascaill a Trí agus Ardán an Bhóthair Ghlaise, cosáin, colbhaí, tírdhreachú agus páirceáil, lena n-áirítear páirceáil inrochtana.
- Gach obair láithreáin ghaolmhar agus chúnta.

De réir Airteagal 81 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 arna leasú, tá Comhairle Contae Lú tar éis teacht ar an gconclúid, tar éis réamhscrúdú de bhun fhorálacha airteagal 120(1)(b)(i) de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 arna leasú, nach bhfuil aon dóchúlacht iarbhir ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe agus nach bhfuil gá le Measúnacht Tionchair ar an gComhshaol.

I gcás go measann aon duine gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol, féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith roimh dheireadh tréimhse 4 seachtaine ón dáta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh de réir fhorálacha Airteagal 120 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) chuig an gCoimisiún Pleanála chun cinneadh scagthástála a fháil maidir le cibé acu is dócha go mbeidh tionchar den sórt sin ag an bhforbairt.

De réir fhorálacha Airteagal 250 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), rinne Comhairle Contae Lú scagadh le haghaidh Measúnachta Cuí ar an bhforbairt bheartaithe chun measúnú a dhéanamh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, an dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach. Dá réir sin, chinn Comhairle Contae Lú nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar shuíomh Eorpach.

Féadfar pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh nó a cheannach, ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ó **Dé Máirt, 28 Aibreán 2026 go dtí** ^{Dé} Máirt, 26 Bealtaine 2026 (san áireamh), ag oifigí Chomhairle Contae Lú, le linn na ngnáthuaireanta oscailte poiblí:

Comhairle Contae Lú, Oifigí na Cathrach, Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Contae Lú, A92 PP78.

Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 KFW6.

Beidh pleananna agus sonraí ar fáil lena n-iniúchadh ar líne freisin ag www.louthcoco.ie

Féadfar aighneachtaí nó barúlacha i leith na forbartha beartaithe, a bhaineann le pleanáil chúil agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeidh an fhorbairt suite, agus marcáilte go soiléir “*The Glen Part 8*”, a dhéanamh mar seo a leanas:

- I scríbhinn chuig an té atá sínithe thíos ag **Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, nó**
- Tríd an Tairseach Náisiúnta Pleanála Cuid 8 ag <https://planning.localgov.ie/en>

roimh 5.00 i.n. Dé Máirt, an 9 Meitheamh 2026.

Dáta: 28 Aibreán 2026

Bryan Coughlan

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Príomhthionscadail Chaipitil agus Seachadadh Bonneagair
Comhairle Contae Lú